Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10205/26**

**AGRILEG 149**
**VETER 89**
**ENV 672**
**RECH 262**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 264 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 264 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 264 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2026
COM(2026) 264 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch**

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch[1] ('An Treoir'), bunaítear bearta chun ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch nó oideachasúil a chosaint. Leagtar síos inti rialacha maidir le (i) ainmhithe i ngnáthaimh a ionadú agus a laghdú agus pórú, cóiríocht, cúram agus úsáid ainmhithe i ngnáthaimh a fheabhsú; (ii) bunús, pórú, marcáil, cúram agus cóiríocht agus marú ainmhithe; (iii) oibríochtaí agus údarú póraitheoirí, soláthróirí agus úsáideoirí; agus (iv) meastóireacht agus údarú tionscadal a bhfuil úsáid ainmhithe beo i ngnáthaimh i gceist leo.

Leis an Treoir, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinní I agus III go VIII (cé is moite d'fhorálacha Ranna I agus II d'Iarscríbhinn VIII) a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil:

- Iarscríbhinn I: Liosta speiceas ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 10 [faoina bhfuil sé ina cheangal iad a phórú go sonrach lena n-úsáid i ngnáthaimh]
- Iarscríbhinn III: Ceanglais ar bhunaíochtaí agus maidir le cúram agus cóiríocht ainmhithe
- Iarscríbhinn IV: Modhanna maraithe ainmhithe
- Iarscríbhinn V: Liosta eilimintí dá dtagraítear in Airteagal 23(3) [mar bhonn do na Ballstáit chun íoscheanglais a leagan síos maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar an bhfoireann]
- Iarscríbhinn VI: Liosta eilimintí dá dtagraítear in Airteagal 37(1)(c) [maidir leis an bhfaisnéis atá le háireamh in iarratas tionscadail]
- Iarscríbhinn VII: Dualgais agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Aontais [a bunaíodh chun bailíochtú modhanna malartacha ar leibhéal an Aontais a chomhordú]
- Iarscríbhinn VIII: Aicmiú déine gnáthamh [samplaí de chineálacha éagsúla gnáthamh a shanntar do gach ceann de na catagóirí déine].

## 2. BUNÚS DLÍ

Tá an tuarascáil seo ina ceangal faoi Airteagal 51(1) den Treoir. De bhun na forála sin, tugadh an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go ceann tréimhse 8 bliana dar tús an 9 Samhain 2010. Beidh sé ina cheangal ar an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh dheireadh na tréimhse 8 mbliana, tuarascáil a dhéanamh i leith na cumhachta

[1] IO L 276, 20.10.2010, lch. 33.

tarmligthe. Déanfar tarmligean na cumhachta a shíneadh go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhfhaid, ach amháin i gcás ina ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 52.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an dara tuarascáil seo (ón 9 Samhain 2018 go dtí an 8 Samhain 2026), ar bhonn na faisnéise atá ar fáil inniu, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe amháin, Treoir Tharmligthe (AE) 2024/1262 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024[2].

Le Treoir Tharmligthe 2024/1262 leasaíodh Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Tráth a glacadh an Treoir, níor leor an bonn fianaise eolaíche a bhí ann maidir leis na ceanglais iomchuí chóiríochta agus chúraim, agus maidir leis na modhanna maraithe iomchuí le haghaidh speicis áirithe. Ar bhonn na fianaise eolaíche a fuarthas ó bhí 2010 ann, leis an leasú ar Iarscríbhinn III tugadh cothrom le dáta na ceanglais maidir le bunaíochtaí agus maidir le cúram agus cóiríocht ceifileapód, iasc séabrach agus éan pasaireach, agus leis an leasú ar Iarscríbhinn IV, tugadh cothrom le dáta na modhanna maraithe le haghaidh ceifileapód agus iasc séabrach.

Agus Treoir Tharmligthe 2024/1262 á hullmhú ag an gCoimisiún, chomhoibrigh sé le saineolaithe teicniúla agus eolaíocha ó na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar na hoiriúnuithe a raibh gá leo i bhfianaise dul chun cinn san eolas teicniúil agus eolaíoch agus léargais nua ar cheanglais leasa ainmhithe. Iarradh tuilleadh ionchuir eolaíoch ar an gCoiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn (CERSCRTCC), a ghlac a Thuairim an 25 Meán Fómhair 2023[3]. Cuireadh an próiseas i gcrích i ndlúthchomhar le Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch, grúpa atá comhdhéanta de (i) údaráis inniúla na mBallstát; (ii) an pobal póraitheoirí ainmhithe agus úsáideoirí lena gcuimsítear tionscal, eolaíocht agus an saol acadúil; (iii) tréidlianna; agus (iv) eagraíochtaí neamhrialtasacha le haghaidh leas ainmhithe[4].

---

[2] IO L, 2024/1262, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2024/1262/oj

[3] https://health.ec.europa.eu/publications/scheer-revision-annexes-iii-and-iv-directive-201063eu-protection-animals-used-scientific-purposes_ga.

[4] Féach go háirithe na taifid achoimre ón 21ú cruinniú go dtí an 24ú cruinniú agus cruinniú *ad hoc* an 7 Feabhra 2024 de Ghrúpa Saineolaithe na nÚdarás Inniúil maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch.